An Coimisiún Eorpach

# AN TSEACHTAIN EORPACH UM SCILEANNA GAIRME

**2019** Foireann uirlisí cumarsáide

#DiscoverYourTalent

*Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú*

# Céard faoi an feachtas?

Is tionscnamh é an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme atá á reáchtáil ag an gCoimisiún Eorpach chun aird a tharraingt ar ghairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) agus chun cur lena mhealltacht. Is é atá mar aidhm leis an tSeachtain VET a chur chun cinn mar rogha mhealltach, agus cabhrú le daoine óga agus le haosaigh barr a gcumais a bhaint amach. Tabharfaidh imeachtaí atá á reáchtáil ar fud na hEorpa – go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta – léargas ar na deiseanna iontacha atá á dtairiscint ag VET do dhaoine óga, d'aosaigh agus do chuideachtaí.

Reáchtálfar an ceathrú heagrán den tSeachtain idir an 14 agus 18 Deireadh Fómhair i mBallstáit den Aontas Eorpach, LEE agus tíortha is iarrthóirí AE. Is féidir imeachtaí agus gníomhaíochtaí a eagraítear am ar bith i rith 2019 a nascadh leis an tSeachtain – ag cur le haitheantas agus le hinfheictheacht d'eagraíochta.

Is é mana an tionscnaimh 'Tabhair do thallann chun solais!' Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh a thaispeáint go bhfuil tallann ag gach duine agus gur féidir le VET na scileanna praiticiúla, an t-eolas agus na hinniúlachtaí riachtanacha a chur ar fáil lena chinntiú go n-éireoidh le daoine sa mhargadh saothair agus sa tsochaí trí chéile. Beidh téama na bliana seo 'VET do CHÁCH – Scileanna don Saol' agus imeachtaí na Seachtaine ag díriú ar ghnéithe ionchuimsitheacha agus ar feadh an tsaoil VET.

# Conas an fhoireann uirlisí seo a úsáid

Is acmhainn phraiticiúil í an fhoireann uirlisí cumarsáide d'eagraithe imeachtaí agus gníomhaíochtaí. **Tá sé mar aidhm léi an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme a chur chun cinn i measc páirtithe leasmhara agus an phobail trí chéile.**

Trí úsáid a bhaint as na hábhair a áirítear san fhoireann uirlisí seo, féadfaidh tú na buntáistí agus na deiseanna a bhaineann le VET ar fud na hEorpa a chur in iúl go soiléir.

## CUSPÓIRÍ AN FHEACHTAIS

**Tá sé mar aidhm leis an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme an méid seo a leanas a chur i gcrích:**

- Léargas a thabhairt ar na bealaí éagsúla inar féidir le deiseanna VET cabhrú le daoine óga agus le haosaigh 'a dtallann a thabhairt chun solais'.
- Cuir an poitéinseal agus na buntáistí go leor a bhaineann le hinfheistiú in acmhainní daonna ina luí ar fhostóirí trí thacú le hoiliúint thosaigh daoine óga, mar aon le haosaigh a uas-sciliú agus a athoiliúint.
- Bailíochtaigh an rogha a dhéanann daoine nuair a chinneann siad tabhairt faoi VET trí léargas a thabhairt ar an luach iomaíoch a bhaineann leis.
- Forbair agus tarraing aird daoine ar an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme, agus cur leis an rath a bhí ar fheachtais 2016, 2017 agus 2018.

## PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ AGUS CONAS IAD A ÚSÁID

**Tugtar léargas sna teachtaireachtaí seo ar céard is mian linn a insint do dhaoine faoi VET, agus trí úsáid a bhaint astu neartófar an tionchar a bheidh ag an tSeachtain agus cabhrófar chun VET a chur chun cinn ar fud na hEorpa.** Is féidir na príomhtheachtaireachtaí a úsáid mar ábhar inspioráide nuair atá tú ag machnamh faoi gcineál imeachta ba cheart duit a eagrú, nuair atá d'imeacht nó an tSeachtain á cur chun cinn agat, nuair atá cuir i láthair á n-ullmhú agat, nuair atá postálacha meán sóisialta á scríobh agat, etc.

Má tá ár dteachtaireachtaí ag teacht salach ar a chéile, ní bheidh tionchar ar bith againn, agus cabhraíonn príomhtheachtaireachtaí lena chinntiú go bhfuil an feachtas ag labhairt d'aon ghuth.

| Spriocghrúpa | Príomhtheachtaireacht |
|---|---|
| **Gach grúpa** | Tá tallann ar leith ag gach duine. Lig don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint duit do thallann féin a aimsiú!<br>Is fiú am a chaitheamh leis an ngairmoideachas agus gairmoiliúint mar go bhfuil an t-uafás deiseanna agus buntáistí le baint as, mar aon le deiseanna nua a chruthú don todhchaí. |
| **Foghlaimeoirí óga agus dtuismitheoirí** | Cabhraíonn an gairmoideachas agus gairmoiliúint le daoine óga tabhairt faoi ghairmeacha rathúla agus spreagúla, agus barr a gcumais a bhaint amach.<br>Cabhraíonn gairmoideachas agus gairmoiliúint le foghlaimeoirí óga a bheith cúpla céim chun tosaigh trí cháilíochtaí a shealbhú a bhfuil tóir ag fostóirí orthu agus a dtugtar aitheantas dóibh i dtionscail éagsúla.<br>Is rogha chliste é an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, rogha a mbaineann spraoi léi, a chuireann feabhas ar infhostaitheacht agus a chabhraíonn le daoine poist ar ardchaighdeán a bhaint amach. |
| **Foghlaimeoirí aosaigh** | Tá deiseanna gairmoiliúna iontacha ann a d'fhéadfadh cabhrú leat tabhairt faoi ghairm shuimiúil agus dhúshlánach, mar aon le páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí.<br>Níl sé riamh rómhall! Is rogha iontach é gairmoideachas do dhaoine de gach aois. Tá foghlaimeoirí aosaigh ar fud na hEorpa agus an domhain ag baint tairbhe as deiseanna cheana féin, cén fáth nach ndéanann tú amhlaidh?<br>Cabhraíonn foghlaim ar feadh an tsaoil leat chun d'infhostaitheacht a mhéadú, do scileanna pearsanta a fhorbairt agus borradh a chur faoi do dheiseanna sóisialta. |
| **Gnóthaí (e.g. FBManna)** | Soláthraíonn gairmoideachas agus gairmoiliúint scileanna d'fhostaithe a theastaíonn chun na bearnaí scileanna i gcuideachtaí a líonadh. |

# Conas a bheith páirteach

Braitheann rath na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme 2019 ar rannpháirtíocht ghníomhach eagraíochtaí, cuideachtaí agus daoine aonair san fheachtas. Má tá tú páirteach in VET in 28 Ballstát an AE, LEE agus tíortha is iarrthóirí AE, agus más mian leat cur le próifíl VET, is iomaí bealach ar féidir leat tacú leis an tSeachtain.

## EAGRAIGH IMEACHT NÓ GNÍOMHAÍOCHT

Eagraigh d'imeacht nó do ghníomhaíocht féin mar chuid den tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme agus beidh deis agat a bheith páirteach i líonra mór daoine agus eagraíochtaí a bhfuil VET á chur chun cinn acu. **Is deis phoiblíochta ar leith é d'imeacht nó do ghníomhaíocht a chlárú mar chuid den tSeachtain.** Beidh rochtain agat ar ábhair phoiblíochta agus tarraingeoidh tú aird ar d'imeachtaí féin ar shuíomh Gréasáin na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme.

Féadfaidh tú éagsúlacht mhór imeachtaí agus gníomhaíochtaí a eagrú, agus iad a chur in oiriúint do riachtanais d'eagraíochta agus do na hacmhainní atá agat. I measc na ngníomhaíochtaí a d'fhéadfá a eagrú tá laethanta oscailte, turais, seimineáir, ceardlanna, taispeántais, gradaim d'fhostaithe, comórtais agus tráth na gceist. D'fhéadfá fiú imeacht ar líne a reáchtáil cosúil le comhrá Twitter nó seisiún Facebook Live.

**1**

Chun d'imeacht nó gníomhaíocht a chlárú mar chuid den tSeachtain, ní mór na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- Tá an t-imeacht nó an ghníomhaíocht le reáchtáil idir Bealtaine agus Nollaig 2019.
- Beidh léargas á thabhairt ar a thiomanta is atá tú do bharr feabhais in VET agus/nó don fhoghlaim aosach.
- Beidh sé mar aidhm íomhá, mealltacht agus caighdeán VET a fheabhsú.
- Beidh foghlaimeoirí nó páirtithe leasmhara páirteach.
- Más féidir, roinn faisnéis maidir le torthaí dearfacha (e.g. níos mó spéise a bheith á léiriú ag foghlaimeoirí poitéinsiúla i gcláir VET, infhostaitheacht, etc.).

**2**

Nuair atá d'imeacht nó do ghníomhaíocht pleanáilte agat, is é an chéad chéim eile an fhoirm chlárúcháin shimplí a líonadh. Déanfar na himeachtaí agus na gníomhaíochtaí uile atá curtha ar fáil a scagadh lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis is gá curtha ar fáil agus go bhfuil an ghníomhaíocht ag teacht le haidhm na Seachtaine. Déanfar teagmháil leat ansin le haghaidh tuilleadh soiléireachta nó le deimhniú go bhfuil d'imeacht curtha ar shuíomh Gréasáin na Seachtaine. Tá forléargas iomlán ar an bpróiseas clárúcháin le fáil sna Treoirlínte maidir le d'imeacht nó do ghníomhaíocht féin a eagrú.

## ÁR DTACAÍOCHT

**Tá raon uirlisí forbartha againn chun cabhrú leat infheictheacht d'imeachta nó do ghníomhaíochta a fhorbairt – ag leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta – agus chun borradh a chur faoi rannpháirtíocht.** Áirítear ina measc:

- Bileog faoi Sheachtain Eorpach um Scileanna Gairme 2019.
- Foireann uirlisí meán sóisialta agus caidreamh leis na meáin chun cabhrú leat do mhodh poiblíochta féin a phleanáil.
- Nuachtlitir mhíosúil lán le heolas faoi VET
- Rochtain ar sheimineáir ghréasáin maidir le conas d'imeacht a chur chun cinn.
- Acmhainní físiúla ar féidir leat iad a chomhbhrandáil le d'imeacht (greamáin oifigiúla chomhpháirtithe, póstaeir, ábhar físeáin, inneachar meán sóisialta, etc.).
- Grúpa eisiach Facebook d'eagraithe, a thabharfaidh rochtain duit ar acmhainní breise, agus áit ar féidir leat smaointe a roinnt le heagraithe eile.
- Líne chabhrach tacaíochta (ar fáil in EN, DE, PL, ES, IT agus HU).
- Faisnéis maidir le hAmbasadóirí na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme 2019.

## TÉIGH I BHFEIDHM AR BHEALACH NÍOS ÉIFEACHTAÍ

### Roinn do Scéal

Ba bhreá linn scéalta a chloisteáil faoi thaithí daoine, eagraíochtaí, agus eagraithe imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar VET, ionas gur féidir linn cur leis na scéalta atá againn chun daoine eile a spreagadh. Áirítear i measc na roghanna:

- Inis scéal faoi imeacht a d'eagraigh tú roimhe seo, tagair do na rudaí a raibh an-rath orthu agus do na ceachtanna a d'fhoghlaim tú.
- Iarr ar fhoghlaimeoirí, tuismitheoirí, baill foirne nó páirtithe leasmhara eile i d'eagraíocht a dtaithí féin ar VET a roinnt.
- Inis an scéal maidir le d'eagraíocht agus an tairbhe a bhain sí as VET.

**Is féidir leat do scéal a roinnt anseo.** Déanfar poiblíocht ar rogha scéalta ar chainéil AE.

### Na meáin shóisialta

Is féidir leat páirt a ghlacadh tríd an tSeachtain a chur chun cinn trí do líonraí agus cainéil. Tá na hábhair a chuirtear ar fáil ar an suíomh Gréasáin oiriúnach lena gcomhroinnt ag imeachtaí, agus trí na meáin shóisialta chomh maith. Is féidir leat d'inneachar féin a chruthú agus a chomhroinnt chomh maith, cosúil le físeáin, grianghraif agus athfhriotail ó d'imeachtaí agus ó do ghníomhaíochtaí.

Ná déan dearmad ar haischlib na Seachtaine, **#EUVocationalSkills**, a úsáid, agus d'fhéadfá **#DiscoverYourTalent**. a úsáid chomh maith. Nó d'fhéadfá ár bpróifílí meán sóisialta a chlibeáil (liostaithe thíos) chun ár n-aird a tharraingt ar do phostálacha agus is féidir linn borradh a chur faoi phróifíl d'eagraíochta trí líonra níos mó VET ar fud na hEorpa. (Ní mór a chinntiú go bhfuil reachtaíocht chóipchirt náisiúnta agus AE á comhlíonadh ag an inneachar a roinneann tú.) **Tá tuilleadh faisnéise maidir le conas an úsáid is fearr a bhaint as na meáin shóisialta le fáil san sfhoireann uirlisí meán sóisialta.**

**Próifílí meán sóisialta VET an Choimisiúin Eorpaigh:**

- **Twitter:** @EU_social, @EuropeanYouthEU
- **Facebook:** @socialeurope, @EuropeanYouthEU

### Caidreamh leis na meáin

D'fhéadfadh go mbeadh spéis ag na meáin thraidisiúnta agus dhigiteacha i d'imeacht nó gníomhaíocht, agus sa mhéid a bheidh le rá agat maidir le VET i gcomhthéacs na Seachtaine. Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le hiriseoirí lena fháil amach an bhfuil spéis acu scríobh faoin imeacht atá á reáchtáil agat nó freastal ar an imeacht sin. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh spéis acu in agallamh a dhéanamh le duine éigin ó d'eagraíocht mar gheall ar níos mó spéise a bheith á cur san ábhar de thoradh imeachtaí na Seachtaine. **Tá tuilleadh eolais maidir le conas oibriú leis na meáin le fáil san fhoireann uirlisí chaidreamh leis na meáin.**

# Ceisteanna coitianta

**Cathain a reáchtálfar an feachtas seo?**
Is féidir imeachtaí agus gníomhaíochtaí a reáchtáil am ar bith idir Bealtaine agus Nollaig 2019.

**An bhfuil fóirdheontais ar fáil?**
Níl. Tá cúnamh á chur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach trí imeachtaí a chur chun cinn trí na meáin shóisialta agus trí ábhair phoiblíochta, cosúil le bileoga agus póstaeir a chur ar fáil, ar féidir leat féin iad a phriontáil do d'imeacht. Beidh ábhair phoiblíochta cosúil le t-léinte agus pinn ar fáil chomh maith. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar ábhair phoiblíochta le haghaidh na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme ó 1 Iúil 2019 ar aghaidh. Seol r-phost chuig info@vocationalskillsweek.eu más spéis leat ábhair phoiblíochta a fháil le haghaidh d'imeachta.

# Déan teagmháil linn

Táimid sásta cabhrú leat le haon cheist a d'fhéadfadh a bheith agat maidir le do ghníomhaíochtaí cumarsáide.

**R-phost**: info@vocationalskillsweek.eu
**Teileafón**: +44 (0)207 444 4264
**Twitter**: @EU_social @EuropeanYouthEU #EUVocationalSkills #DiscoverYourTalent
**Facebook**: @socialeurope, @EuropeanYouthEU